• Ní foláir gach saghas oibre atá déanta ag na daltaí sa chúrsa a chur san áireamh sa mheasúnacht - mar shampla, obair scríofa agus labhartha, scrúduithe sa rang agus obair phraiticiúil.

• Ba cheart go dtuigfeadh na daltaí an obair atá le déanamh acu agus an caighdeán atá le baint amach chun gach leibhéal sa scála measúnachta a ghnóthú.

• Ba cheart go mbeadh an chomparáid atá idir a shaothar féin agus saothar daltaí eile ina rannóg féin nó i rannóga eile ar eolas ag na mic léinn. Chun an chomparáid seo a bhaint amach ní foláir comheagar a bheith ann idir múinteoirí na rannóg céanna agus rannóg éagsúil.

4.2 Rannpháirtíocht sa rang

D'fhéadfadh an measúnú (marc A) a bheith bunaithe ar obair mar seo a leanas:

• Béaltriail aonair

• Béaltriail i ngrúpa

• Trialacha éisteachta

• Trialacha radharcacha

• Scrúduithe beaga ranga beaga sa rang (deachtú, litriú, graiméar)

• Tionscnaimh

• Aistí

• Tuairiscí

• Cuntais bhéil

• Scrúduithe éagsúla léitheoireachta agus scríbhneoireachta.

Cé nach bhfuil sé i gcónaí éasca an rannpháirtíocht sa rang a mheas go cruinn, moltar do mhúinteoirí na rudaí seo a leanas a chleachtadh agus an **marc A** á mheasúnú acu.

• Dul chun cinn agus rannpháirtíocht an dalta a mheas agus a chur i gcuntas go rialta

• Réimse mór gníomhaíochtaí a chur san áireamh.

• Caighdeán na hoibre chomh maith le méid na hoibre a chur san áireamh.

• Deimhin a dhéanamh de go bhfuil deis ag na daltaí a bheith páirteach san obair i slite éagsúla agus ag tráthanna éagsúla.

• Foirfeacht san ábhar agus in úsáid na teanga a aithint

4.3 **Ábhair scríofa / Scrúduithe**

Tá roinnt mhaith den mheastóireacht mhúnlaitheach agus an chuid is mó den mheastóireacht ar thorthaí foghlama bunaithe ar an obair scríofa. Taobh amuigh den Bhaitsiléireacht féin , tá béim mhór ar an scrúdú foirmiúil téarma i mbliain a 6 agus an Pháirt-Bhaitsiléireacht, an scrúdú fhoirmiúil i mbliain a 7. Tagann an marc **B** oifigiúil uathu siúd.

Tascanna a oireann do mharc **B**:

• Aistí

• Triail Tuisceana

• Trialacha éisteachta

• Obair scríofa bunaithe ar ábhair agus cuspóirí an chláir.

Ba cheart go gcuirfeadh an mheastóireacht na prionsabail atá leagtha amach i bpointe 4.1 san áireamh agus go leanfaí scéimeanna agus samplaí marcála a oireann don obair atá le déanamh.

4.4 **An Bhaitsiléireacht**

4.4.1 Scrúdú scríofa na Baitsiléireachta

4.4.2 Aidhmeanna.

Is í aidhm an scrúdaithe ná cumas an dalta a mheas maidir le téacs:

i. a thuiscint

ii. a léamh / a bhrí féin a bhaint as

iii. a thuairimí féin a nochtadh faoi

1. Séard atá i gceist le tuiscint ná bunábhar an tsleachta a aithint agus gnéithe atá riachtanach le haghaidh brí an téacs a thuiscint a phiocadh amach.

2. Léamh/ Brí: séard atá i gceist anseo na anailís a dhéanamh ar scéal / teachtaireacht an téacs chomh maith le gnéithe áirithe den teanga agus den stíl a mhionscrúdú. Caithfidh na hiarrthóirí a léargas féin ar an téacs a nochtadh.

3. Maidir le nochtadh tuairimí pearsanta, tig leis an dalta a thuairimí pearsanta faoin sliocht a chur in iúl nó ceapadóireacht dá chuid féin a dhéanamh. Caithfidh a fhreagra a bheith bunaithe ar na téamaí / tuairimí atá sa sliocht. Beidh seans ag an dalta a chumas scríofa, a eolas agus a thaithí ar an Ghaeilge a léiriú.

Siollabas

4.4.1.2 Bíonn an scrúdú scríofa bunaithe ar chlár an 6ú agus an 7ú bliain chomh maith leis na scileanna agus an inniúlacht atá gnóthaithe ag na daltaí cheana.

4.4.1.3 Fad an scrúdaithe: Céad is ochtó nóiméad (180 nóiméad) a mhairfidh an scrúdú.

4.4.1.4 Foirm an scrúdaithe

Déanfaidh Cuid 1 agus Cuid 2 den scrúdú meastóireacht ar thuiscint an dalta ar théacs barántúil nach bhfuil feicthe cheana féin sa rang aige.

I gcuid 1 déanfaidh an dalta meastóireacht ar na príomhchoincheapanna atá sa téacs.

I gcuid 2 bíonn ar an dalta freagra scríofa atá gaolmhar leis an téacs a chumadh.

Chun an téacs seo a chumadh ní foláir don dalta ciall an tsleachta a thuiscint agus léargas maith ar stíl an údair a bheith aige. D'fhéadfadh aiste bheag, litir nó cuntas a bheith i gceist a bhfuil aidhm shonrach aige agus atá dírithe ar dhaoine faoi leith.

I gcuid 3 caithfear aiste fhada a scríobh ar théama(í) atá gaolmhar leo siúd atá i gceist i gcuid 1 agus 2 nó ar théacs atá ullmhaithe cheana. Má bhaintear úsáid as téacs réamhullmhaithe d'fhéadfadh leabhair éigeantacha a bheith I gceist nó sleachta bunaithe ar théamaí atá ullmhaithe sa rang.

Maidir leis an aiste d'fhéadfadh saorcheapadóireacht a bheith i gceist nó léirmheas ar théacs nó ar théama réamhullmhaithe.

4.4.1.5 Ceisteanna - saghas agus uimhir

Idir 6 agus 8 gceist - bunaithe ar na haidhmeanna meastóireachta atá leagtha amach thuas - ag tosú le ceisteanna atá simplí agus díreach, agus ina dhiaidh le ceisteanna níos oscailte.

I gcuid 1 caithfear ceithre cheist ar a laghad a chur.

I gcuid 2 caithfear ceist amháin ar a laghad a chur.

I gceist 3 caithfear rogha ceist a chur. Caithfidh na hiarrthóirí ceist amháin a roghnú ar a laghad.

4.4.1.6 Saghas Téacs

Le haghaidh Cheist 1 agus Chuid 2 den scrúdú bainfear úsáid as cineál ar bith téacs bharántúil ach amháin téacsanna nach bhfuil iontu ach eolas agus tuairiscí. Caithfear féachaint chuige freisin nach roghnófar téacs a ghortódh mothúcháin nó a chuirfeadh isteach ar choinsias an dalta.

Caithfidh caighdeán nó leibhéal deacrachta an téacs a bheith oiriúnach do dhalta atá tar éis sé bliana a chaitheamh ag déanamh staidéir ar an nGaeilge. Nuair atá leibhéal deacrachta an téacs á shocrú cuirtear na nithe seo a leanas san áireamh: réimse foclóra, comhréir cheart, dlús eolais, leibhéal teibíochta agus réim na teanga.

De ghnáth bíonn thart ar 500 focal sa téacs ach ní bhaineann an teorainn seo le téacsanna liriceacha ar nós dánta agus amhrán.

Is féidir gluaiseanna a thabhairt ar fhocail dheacra sa téacs.

Ní ceart téacsanna a úsáid a gcaithfear níos mó ná gluais sé fhocal a thabhairt leo.

4.4.1.7 Áiseanna Thacaíochta

Níl aon áiseanna (foclóirí srl.) ceadaithe don scrúdú.

4.4.1.8 Marcáil

Roinntear na marcanna idir na trí cheist seo a leanas:

Cuid 1 (Tuiscint)	30%
Cuid 2 (Léirgeas)	30%
Cuid 3 Léirmheas / saorcheapadóireacht	40%
Iomlán	100%

Má fhágtar ceist éigeantach ar lár ní bhfaighidh an t-iarrthóir marc ar bith le

haghaidh na ceiste sin.

Beidh an scéim mharcála bunaithe ar chruinn-úsáid na teanga agus ar thuiscint

an ábhair. Cuirfear intuigtheacht, cruinneas graiméir, structúr ceart teanga,

saibhreas teanga san áireamh i meastóireacht chumas teanga an dalta. Tá

caighdeán teanga beagáinín níos tábhachtaí ná an t-ábhar.

4.4.2 Béaltriail na Baitsiléireachta

4.4.2.1 Aidhmeanna

Is í aidhm an scrúdaithe ná an dalta a mheas faoi na teidil seo a leanas a bhaineann

le húsáid chruinn líofa éifeachtach na teanga.

I. Labhairt na teanga i.e. é féin a chur in iúl go cruinn agus go leanúnach sa Ghaeilge; ní mór fóneolaíocht na teanga a chur san áireamh freisin.

II. A chumas é féin a chur in iúl uaidh féin agus le brí.

III. A chumas páirt a ghlacadh i gcomhrá; is é sin le rá ceisteanna an scrúdaitheora a thuiscint agus a fhreagairt.

IV. A chumas ciall a bhaint as an téacs a thugtar dó, é a thuiscint agus a fhreagra féin a thabhairt.

V. A chumas úsáid a bhaint as an eolas - is é sin le rá an t-eolas a fhaightear ón téacs a cheangailt leis an gcultúr as ar tháinig sé agus leis na hábhair a pléadh sa chlár.

4.4.2.2 Clár an scrúdaithe:

Bíonn an scrúdú béil bunaithe ar chlár an 6ú agus an 7ú bliain chomh maith leis na scileanna agus an inniúlacht atá gnóthaithe acu cheana.

4.4.2.3 Fad an scrúdaithe:

Fiche nóiméad a mhairfidh an scrúdú, achar na meastóireachta san áireamh. Roimh gach scrúdú beidh fiche nóiméad ag an dalta i gcomhar ullmhúcháin.

4.4.2.4 Foirm an scrúdaithe:

Beidh an scrúdú bunaithe ar théacs nó téacsanna, nach bhfuil staidéar déanta orthu cheana féin, a thugtar do na daltaí fiche nóiméad roimh an scrúdú. Beidh 2 nó 3 cheist scríofa leis an téacs chun treoir a thabhairt do na daltaí san ullmhúchán.

Beidh dhá chuid sa scrúdú. Beidh seans ag na daltaí:

i. sliocht ón téacs a léamh os ard agus smaointe bunúsacha an téacs a léiriú go mion.

ii. comhrá a dhéanamh leis an scrúdaitheoir faoin téacs agus faoi ábhair níos leithne atá ar an gcúrsa.

Saghas téacs:

Caithfidh baint a bheith ag an téacs leis an obair atá déanta sa rang. Is féidir

gach saghas téacs bharántúil a úsáid fad is a fhágtar ar lár téacsanna le heolas agus tuairiscí amháin.

Dár ndóigh caithfear téacsanna a chuirfeadh isteach ar mhothúcháin nó ar choinsias an dalta a sheachaint freisin.

Caithfidh an téacs a bheith oiriúnach i.e. deacracht an ábhair, foclóir chomh maith le struchtúr na teanga, teibíocht agus réimse na teanga do dhalta atá ag staidéir na teanga le dhá bhliain déag anuas. Ba cheart go mbeadh 300-350 focal sa téacs ach níl feidhm aige seo más téacs liriceach é ar nós dánta agus amhráin.

Ba cheart na línte a uimhriú ina gcúigí.

Is féidir gluaiseanna a thabhairt ar fhocail dheacra sa téacs.

Ní ceart téacsanna a úsáid a gcaithfear níos mó ná gluais sé fhocal a thabhairt leo.

4.4.2.5. Áiseanna Thacaíochta:

Níl aon áiseanna (foclóirí srl.) ceadaithe don scrúdú.

4.4.2.6 Marcáil:

Cuirfidh an mheastóireacht na haidhmeanna atá luaite i bpointe 1 thuas san áireamh.

Irish Language IV - Years 4, 5, 6 and 7

1.0 The programme of Irish LIV conforms to the criteria as laid down in Document 1999-D-692.

1.1 General objective

The Irish language is a fundamental part of our cultural heritage. As well as being a means of communication, the language reflects the outlook, philosophy and value system that is distinctive to Irish people. Irish LIV provides a formal subject-based education to encourage pupils to develop their identity and to realize their full potential as citizens in a multi-cultural and European context.

2.0 Specific objectives

The four skills of reading, writing, listening and speaking are developed through a variety of working methods involving individual and group work.

2.1 The students read widely and their skills of comprehension, analysis and interpretation are developed.

2.2 In writing, the students develop their skills in different areas and styles ranging from the creative to the functional. The aim is to achieve mastery of the written language so that students can present their ideas and arguments accurately and clearly.

2.3 The students practise oral skills in class work and in prepared presentations. They respond to questions, they debate, prepare talks, and learn to express themselves accurately and clearly.

2.4 The students develop their listening skills by use of tapes, videos, and recordings of the Irish language from the Irish media.

2.5 Syllabus content refers to the acts of communication in which students should be able to participate by the end of 7th year. It aims to integrate fully all four language skills.

2.6 Topics:- Topics include material of a personal, literary, cultural, historical, national and international nature. Awareness of Irish history and the evolution of the Irish language is important so that students can appreciatate their linguistic and cultural heritage. Modern Irish literature provides a vehicle through which aspects of Irish cultural life can be studied.

3.0 Methodology

The aims of the course include appreciation of Irish literature, formal and informal use of the language, grammar forms, sentence structure, etc. Each individual teacher may use a variety of methods (e.g. textbooks, tapes, library facilities, computers etc.).

4.0 **Assessment**

4.1 Formative: Regular marking of written and oral work, A and B marks. These provide feedback to student, teacher and parents alike.

4.2 Summative: The European Baccalaureate.

The oral and written examinations for Irish LIV correspond to the criteria as laid down in the regulations (ref. 2001-D-413) for the conduct of the European Baccalaureate Examination.

GAEILGE TEANGA IV

RÉAMHRÁ

Is cuid bhunúsach é d'oidhreacht chultúrtha gach Éireannaigh an Ghaeilge. D'fhonn freastal ar dhaltaí Éireannacha atá sna Scoileanna Eorpacha ar an gcoigrích tá soláthar á dhéanamh trí Ghaeilge a mhúineadh dóibh de bhreis ar na teangacha eile atá á bhfoghlaim acu.

Is ábhar foirmiúil oideachasúil Teanga IV agus tá sé mar aidhm aici an dalta a stiúradh i dtreo féinaitheantais i gcomhthéacs ilchultúrtha agus i gcomhthéacs Eorpach.

1.0 AIDHMEANNA

1.1 AIDHMEANNA G1NEARÁLTA

Ní foláir do Scoileanna Eorpacha dara leibhéal saothar dúbailte a chomhlíonadh, is é sin le rá oideachas foirmiúil atá bunaithe ar ábhair a sholáthar agus chomh maith leis sin na daltaí a ghríosú chun a gcumas iomlán a bhaint amach i gcomhthéacs cultúrtha agus sóisialta níos leithne. Bíonn oideachas foirmiúil ag plé le gnóthú eolais agus tuisceana, coincheapanna agus scileanna i ngach ábhar. Caithfidh na daltaí a fhoghlaim conas cur síos a dhéanamh ar an eolas atá acu chomh maith le ciall a bhaint as agus é a mheas agus a fheidhmiú. Tarlaíonn forbairt phearsanta na ndaltaí i réimse comhthéacsanna spioradálta, morálta, sóisialta agus cultúrtha. Caithfear féachaint chuige go ndéanfar féiniúlacht na ndaltaí chomh maith lena dtuiscint agus a n-eolas ar a dtimpeallacht a fhorbairt agus caithfear a chinntiú go dtuigfidh siad céard is iompar cuí ann. Tá an dá thasc seo do-scartha sa scoil.

Déantar an dá phríomhsprioc seo a fhorbairt i gcomhthéacs shaibhreas cultúrtha na hEorpa. Ba cheart go gcothódh an t-eolas agus an taithí atá bainte amach de dheasca an tsaoil chomónta Eorpaigh iompar sna daltaí atá urramach do na traidisiúin éagsúla i dtíortha na hEorpa fad is atá a bhféiniúlacht féin á caomhnú acu.

1.2 CUSPÓIRÍ GAEILGE IV

1. Léargas a thabhairt ar an dúchas sa mhéid a léirítear sin trí bhíthin na teanga.

2. Gaeilge fheidhmiúil a úsáid go cruinn ó thaobh í a thuiscint, a labhairt, a léamh agus a scríobh.

Tá Gaeilge mar Theanga IV dírithe ar dhaltaí sa cheathrú agus sa chuigiú bliain sa mheánscoil agus tá sé de rogha acu leanúint ar aghaidh go dtí an Bhaitsiléireacht leis an teanga chéanna sa séú agus sa seachtú bliain. Dár ndóigh, ba cheart go mbeadh suim faoi leith ag an dalta sa Ghaeilge agus i litríocht na Gaeilge. D'fhéadfadh comhthéacs ilchultúrtha na Scoileanna Eorpacha suim daltaí ina gcultúr féin a spreagadh. Tá tairbhe faoi leith ag baint leis an staidéar seo do dhaltaí atá scartha óna ndúchas Gaelach féin.

2.0 CLÁR:

Chun go mbeadh an dalta in ann an Ghaeilge a úsáid mar mheán cumarsáide scríofa agus labhartha i suímh éagsúla, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, agus chun bheith in ann idirdhealú a dhéanamh idir na bealaí áirithe ina gcuireann daoine iad féin in iúl, ní foláir na feidhmeanna seo a leanas a fhoghlaim agus a chleachtadh.

2.1

1. Caidreamh Sóisialta (teagmháil a dhéanamh agus a choimeád le daoine eile)

- Beannú

- Cur in aithne

- Sonraí pearsanta a fháil / a thabhairt

- Comhghairdeas a dhéanamh

- Cuireadh a thabhairt, glacadh le cuireadh (nó diúltú dó)

- Slán a fhágáil

- Coinne a shocrú

- Leithscéal a ghabháil

- Fiafraí

- Achainí a iarraidh, srl.

- Geallúint a thabhairt

- Socrú a dhéanamh

2. Ag lorg nó ag tabhairt eolais

- Cur síos a lorg / a dhéanamh

- Míniú a lorg / a thabhairt

- Teachtaireacht a thabhairt nó a chur ar aghaidh

- Deimhin a dhéanamh

- Seasamh a thógáil nó taobh a ghlacadh

- A rá go bhfuil, nó nach bhfuil, rud éigin ar eolas agat

- Inniúlacht nó cumas a chur in iúl

- A fháil amach an bhfuil rud éigin ar eolas ag duine

- A rá gur cuimhin leat rud, duine nó áit éigin

3. Ag cur tuairimí nó dearcadh in iúl

- Tuairimí a lorg nó a nochtadh

- Rogha a chur in iúl

- Spéis nó suim a nochtadh

- Aontú agus easaontú

- Dúil nó mian a chur in iúl

- Cinnteacht nó éiginnteacht a chur in iúl

4. Ag áitiú

- Rudaí a iarraidh ar dhuine eile

- Iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh

- Cabhair a iarraidh

- Cead a iarraidh

- Comhairle a thabhairt

- Éileamh a dhéanamh

- Moladh a dhéanamh

- Rabhadh a thabhairt

5. Ag cur mothúcháin in iúl

- Mothúcháin a nochtadh agus a aithint

- Taitneamh, pléisiúr, sásamh a chur in iúl

- Míthaitneamh agus míshástacht a chur in iúl

- Fearg, díomá, aiféala a nochtadh

- Imní a chur in iúl

- Cathú, brón a chur in iúl

- Grá, fuath, déistin a chur in iúl, srl

6. Ag leasú na cumarsáide

- Easpa tuisceana a chur in iúl

- Comhrá a choimeád ar siúl

- Ag iarraidh ar dhuine rud a athrá

- Ag iarraidh ar dhuine rud a shoiléiriú nó a mhíniú

- Ag iarraidh ar dhuine focal a litriú

2.2 **Liosta na dTopaicí**

Is iad seo a leanas na topaicí trína soláthrófar don dalta comhthéacs ina bhféadfadh sé/sí an caighdeán cuí sa Ghaeilge Teanga IV a bhaint amach.

1. An Dalta Féin

- An Teaghlach

- Gnáthshaol an teaghlaigh

- Teaghlaigh éagsúla

2. Áit Chónaithe

- An teach agus obair an tí

- An tuath agus an chathair

- An chomharsanacht agus comharsana

3. An Scoil agus Cúrsaí Oideachais

- Ábhair scoile

- Múinteoirí

- Cineálacha éagsúla scoileanna

- Rialacha

- Scrúduithe

- Oiliúint ghairmiúil

- Cúrsaí oideachais

- Scoileanna speisialta

4. Spórt

- Spóirt foirne

- Spórt aonair

- Cumainn agus clubanna

5. Caitheamh aimsire

- Scannáin agus amharclann

- Léitheoireacht

- Cúrsaí spóirt

-Ceol agus damhsa

-Féilte agus fleánna áitiúla

6. Laethanta Saoire

- Laethanta saoire in Éirinn agus thar lear

- Obair pháirtaimseartha

- Turasóirí agus turasaíocht

7. Cairdeas

- Tréithe an duine

- Na mothúcháin phearsanta

- Buanna agus lochtanna an duine

8. Ceol

- Cineálacha éagsúla ceoil

- Uirlisí

- Bannaí; Amhránaithe; grúpaí

- Na cairteacha

- Liricí

9. An Aimsir

- An aeráid

- Na séasúir

- An aimsir in Éirinn agus i dtíortha eile

10. Fadhbanna sóisialta

- Fostaíocht agus Dífhostaíocht

- Andúileachas

- Foréigean

- Coireanna agus Coirpigh

- Ábharachas agus Bochtanas

11. Tionsclaíocht

- An Eacnamaíocht in Éirinn

- An Ríomhthionsclaíocht

- Forbairt

- Turasóireacht

- Feirmeoireacht

12. Faisean

- Cineálacha éagsúla éadaí

- Fógraíocht

13. Bia agus Sláinte

- Cineálacha bia

- Béilí agus cócaireacht

- Baill an choirp

- Tinneas agus galair

14. An Ghaeilge in Éirinn

- An Ghaeltacht agus an Ghalltacht

- An Ghaeilge sna meáin chumarsáide

- An Ghaeilge agus féiniúlacht

- An Ghaeilge thar lear

- An Ghaeilge agus teangacha neamhfhorleathana eile

15. Na Meáin Chumarsáide

- Raidió na Gaeltachta

- TG4

- Na nuachtáin agus irisí

- An teilifís

- An raidió (áitiúil agus náisiúnta)

- Cineálacha clár teilifíse

16. Saol na hOibre

- Slite beatha éagsúla

- Obair pháirtaimseartha

- Agallaimh

17. Taisteal agus Teangacha

- Córais agus córacha iompair

- Tíortha eile; Imirce

- An Eoraip

- Tiomáint

- Rialacha bóthair

- Timpistí

18. Cultúr

- Cultúr na hÉireann

- Ceol traidisiúnta agus amhráin thraidisiúnta

- An lucht taistil agus cultúr

- Litríocht

- Dánlanna, amharclanna, iarsmalanna

19. An Timpeallacht

- An timpeallacht áitiúil

- Caomhnú na timpeallachta

- Truailliú

20. Cúrsaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

- Ár gCúlra Stairiúil

- An Tuaisceart

- An Pholaitíocht

- Éire agus an tAontas Eorpach

Beidh roinnt mhaith léitheoireachta inmholta anseo - litríocht (idir phrós agus fhilíocht), tuairiscí iriseoireachta srl . Agus féinmhuinín na ndaltaí ag fás, tig leo tabhairt faoi ábhar léitheoireachta as a stuaim féin agus achoimre ó bhéal a thabhairt air sa rang. Thar gach rud eile tabharfar neart taithí dóibh ar cheisteanna comhthéacs a fhreagairt ó bhéal agus i scríbhinn. Cothófar an tsaorcheapadóireacht ar ábhair ghinearálta a d'eascródh as na téacsanna a léitear.

3 MODHANNA

Braitheann na modhanna a úsáideann múinteoir ar bith ar na pointí seo a leanas: cuspóirí an chúrsa, riachtanais an ranga, na hacmhainní atá ar fáil, agus scileanna an mhúinteora. Baineann na céimeanna múinteoireachta thíosluaite leis an gcúrsa seo.

Céim 1. Tús na teanga nua; tagann an dalta i dteagmháil leis an teanga nua. Beidh béim ar leith ar an gcaint sa chuid seo den chúrsa agus mar áis don chaint a fhoghlaim déanfar cibé léamh simplí is dóigh leis an múinteoir a bheidh oiriúnach.

Céim 2. Tuiscint na teanga nua a fhorbairt.

Céim 3. An teanga nua a chleachtadh go riartha agus go rialta chun cumas labhartha, tuisceana agus scríofa an dalta a chothú agus a fhorleathnú.

Céim 4. Cuirtear béim ar shaorúsáid na teanga nua. Neartófar neamhspleáchas an dalta ó thaobh thuiscint, labhairt agus scríobh na teanga.

Bainfear úsáid as comhrá, léitheoireacht, scannáin agus ceapadóireacht chun dul chun cinn an dalta a fhorbairt. Is féidir acmhainní de chuile shórt m. sh. téipthaifeadadh, cláracha teilifíse, teicneolaíocht an eolais, agus leabhair a úsáid; spreagann na nithe sin an dalta chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa rang.

4.0 **MEASÚNÚ**

4.1 **Feidhmeanna agus Prionsabail.**

Tá dhá ghné ag baint le measúnacht. Ar an gcéad dul síos is próiseas múnlaitheach é a bhfuil mar chuspóir aige eolas a sholáthar ar fhoghlaim na ndaltaí. Ba cheart go gcabhródh sé leis na daltaí dul chun cinn níos mó a dhéanamh. Cuidíonn sé go mór le daltaí, le tuismitheoirí, le coimeádaithe agus leis an scoil chun oideachas na ndaltaí a threorú. I gcás measúnachta ar thorthaí foghlama ní gá marc a thabhairt i ngach cás a léiríonn caighdeán na hoibre atá déanta ag na daltaí. Ní cheart go mbeadh an marc píonósach ach ní foláir go ndéanfadh sé meastóireacht ar an dul chun cinn. Tugann measúnacht ar thorthaí foghlama deis do na múinteoirí léirmheas a dhéanamh ar chuspóirí, modhanna múinte agus torthaí a dteagaisc.

Is rud í an mheasúnacht a thugann faisnéis chruinn ar an eolas agus na scileanna atá ag daltaí am ar bith. I bhfocal amháin, is slat tomhais í.

Ba cheart aird a thabhairt ar na prionsabail bhunúsacha seo a leanas i gcás measúnachta ar bith:

• Ní mór a mheas cé chomh mór atá spriocanna an tsiollabais, maidir le heolas agus scileanna, bainte amach ag na daltaí.

• Caithfidh an mheasúnacht a bheith bunaithe ar an obair atá déanta sa rang.

• Ní foláir gach saghas oibre atá déanta ag na daltaí sa chúrsa a chur san áireamh sa mheasúnacht - mar shampla, obair scríofa agus labhartha, scrúduithe sa rang agus obair phraiticiúil.

• Ba cheart go dtuigfeadh na daltaí an obair atá le déanamh acu agus an caighdeán atá le baint amach chun gach leibhéal sa scála measúnachta a ghnóthú.

• Ba cheart go mbeadh an chomparáid atá idir a shaothar féin agus saothar daltaí eile ina rannóg féin nó i rannóga eile ar eolas ag na mic léinn. Chun an chomparáid seo a bhaint amach ní foláir comheagar a bheith ann idir múinteoirí na rannóg céanna agus rannóg éagsúil.

4.2 Rannpháirtíocht sa rang

D'fhéadfadh an measúnú (marc A) a bheith bunaithe ar obair mar seo a leanas:

• Béaltriail aonair

• Béaltriail i ngrúpa

• Trialacha éisteachta

• Trialacha radharcacha

• Scrúduithe beaga ranga

beaga sa rang (deachtú, litriú, graiméar)

• Tionscnaimh

• Aistí

• Tuairiscí

• Cuntais bhéil

• Scrúduithe éagsúla léitheoireachta agus scríbhneoireachta.

Cé nach bhfuil sé i gcónaí éasca an rannpháirtíocht sa rang a mheas go cruinn, moltar do mhúinteoirí na rudaí seo a leanas a chleachtadh agus an **marc A** á mheasúnú acu.

• Dul chun cinn agus rannpháirtíocht an dalta a mheas agus a chur i gcuntas go rialta

• Réimse mór gníomhaíochtaí a chur san áireamh.

• Caighdeán na hoibre chomh maith le méid na hoibre a chur san áireamh.

• Deimhin a dhéanamh de go bhfuil deis ag na daltaí a bheith páirteach san obair i slite éagsúla agus ag tráthanna éagsúla.

• Foirfeacht san ábhar agus in úsáid na teanga a aithint

4.3 **Ábhair scríofa / Scrúduithe**

Tá roinnt mhaith den mheastóireacht mhúnlaitheach agus an chuid is mó den mheastóireacht ar thorthaí foghlama bunaithe ar an obair scríofa. Taobh amuigh den Bhaitsiléireacht féin , tá béim mhór ar an scrúdú foirmiúil téarma i mbliain a 6 agus an Pháirt-Bhaitsiléireacht, an scrúdú fhoirmiúil i mbliain a 7. Tagann an marc **B** oifigiúil uathu siúd.

Tascanna a oireann do mharc **B**:

• Aistí

• Triail Tuisceana

• Trialacha éisteachta

• Obair scríofa bunaithe ar ábhair agus cuspóirí an chláir.

Ba cheart go gcuirfeadh an mheastóireacht na prionsabail atá leagtha amach i bpointe 4.1 san áireamh agus go leanfaí scéimeanna agus samplaí marcála a oireann don obair atá le déanamh.

4.4 **An Bhaitsiléireacht**

4.4.1 Scrúdú scríofa na Baitsiléireachta

4.4.2 Aidhmeanna.

Is í aidhm an scrúdaithe ná cumas an dalta a mheas maidir le téacs:

i. a thuiscint

ii. a léamh / a bhrí féin a bhaint as

iii. a thuairimí féin a nochtadh faoi

1. Séard atá i gceist le tuiscint ná bunábhar an tsleachta a aithint agus gnéithe atá riachtanach le haghaidh brí an téacs a thuiscint a phiocadh amach.

2. Léamh/ Brí: séard atá i gceist anseo na anailís a dhéanamh ar scéal / teachtaireacht an téacs chomh maith le gnéithe áirithe den teanga agus den stíl a scrúdú. Caithfidh na hiarrthóirí a léargas féin ar an téacs a nochtadh.

3. Maidir le nochtadh tuairimí pearsanta, tig leis an dalta a thuairimí pearsanta faoin sliocht a chur in iúl nó ceapadóireacht dá chuid féin a dhéanamh. Caithfidh a fhreagra a bheith bunaithe ar na téamaí / tuairimí atá sa sliocht. Beidh seans ag an dalta a chumas scríofa, a eolas agus a thaithí ar an Ghaeilge a léiriú.

Siollabas

4.4.1.2 Bíonn an scrúdú scríofa bunaithe ar chlár an 6ú agus an 7ú bliain chomh maith leis na scileanna agus an inniúlacht atá gnóthaithe ag na daltaí cheana.

4.4.1.3 Fad an scrúdaithe: Céad is ochtó nóiméad (180 nóiméad) a mhairfidh an scrúdú.

4.4.1.4 Foirm an scrúdaithe

Déanfaidh Cuid 1 agus Cuid 2 den scrúdú meastóireacht ar thuiscint an

dalta ar théacs barántúil nach bhfuil feicthe cheana féin sa rang aige.

I gcuid 1 déanfaidh an dalta meastóireacht ar na príomhchoincheapanna atá sa téacs.

I gcuid 2 bíonn ar an dalta freagra scríofa atá gaolmhar leis an téacs a chumadh no píosa saorcheapadoireacht a scríobh atá dírithe ar dhaoine faoi leith.

Chun an téacs seo a chumadh ní foláir don dalta ciall an tsleachta a thuiscint agus léargas ar stíl an údair a bheith aige. D'fhéadfadh aiste bheag, litir nó cuntas a bheith i gceist a bhfuil aidhm shonrach aige agus atá dírithe ar dhaoine faoi leith.

Má bhaintear úsáid as téacs réamhullmhaithe d'fhéadfadh leabhair éigeantacha a bheith I gceist nó sleachta bunaithe ar théamaí atá ullmhaithe sa rang.

Maidir leis an aiste d'fhéadfadh saorcheapadóireacht a bheith i gceist nó léirmheas ar théacs nó ar théama réamhullmhaithe.

4.4.1.5 Ceisteanna - saghas agus uimhir

Idir 8 agus 10 gceist - bunaithe ar na haidhmeanna meastóireachta atá

leagtha amach thuas - ag tosú le ceisteanna atá simplí agus díreach, agus ina

dhiaidh le ceisteanna níos oscailte.

I gcuid 1 caithfear ocht gceist ar a laghad a chur.

I gceist 2 caithfear rogha ceist a chur. Caithfidh na hiarrthóirí ceist amháin a

roghnú ar a laghad.

4.4.1.6 Saghas Téacs

Le haghaidh Cheist 1 agus Chuid 2 den scrúdú bainfear úsáid as cineál ar bith téacs bharántúil ach amháin téacsanna nach bhfuil iontu ach eolas agus tuairiscí. Caithfear féachaint chuige freisin nach roghnófar téacs a ghortódh mothúcháin nó a chuirfeadh isteach ar choinsias an dalta.

Caithfidh caighdeán nó leibhéal deacrachta an téacs a bheith oiriúnach do dhalta atá tar éis sé bliana a chaitheamh ag déanamh staidéir ar an nGaeilge. Nuair atá leibhéal deacrachta an téacs á shocrú cuirtear na nithe seo a leanas san áireamh: réimse foclóra, comhréir cheart, dlús eolais, leibhéal teibíochta agus réim na teanga.

De ghnáth bíonn thart ar 400-500 focal sa téacs ach ní bhaineann an teorainn seo le téacsanna liriceacha ar nós dánta agus amhrán.

Is féidir gluaiseanna a thabhairt sa teanga iasachta chomh fada agus is féidir.

Ní ceart téacsanna a úsáid a gcaithfear níos mó ná gluais ceithre fhocal a thabhairt leo.

4.4.1.7 Áiseanna Thacaíochta

Níl aon áiseanna thacaíochta (foclóirí srl.) ceadaithe don scrúdú.

4.4.1.8 Marcáil

Roinntear na marcanna idir na trí cheist seo a leanas:

Cuid 1 (Tuiscint agus Léirgeas)	60%
Cuid 3 Léirmheas / saorcheapadóireacht	40%
Iomlán	100%

Má fhágtar ceist éigeantach ar lár ní bhfaighidh an t-iarrthóir marc ar bith le

haghaidh na ceiste sin.

Beidh an scéim mharcála bunaithe ar chruinn-úsáid na teanga agus ar thuiscint an ábhair. Cuirfear intuigtheacht, cruinneas graiméir, structúr ceart teanga, saibhreas teanga san áireamh i meastóireacht chumas teanga an dalta. Tá caighdeán teanga beagáinín níos tábhachtaí ná an t-ábhar.

4.4.2 Béaltriail na Baitsiléireachta

4.4.2.1 Aidhmeanna

Is í aidhm an scrúdaithe ná an dalta a mheas faoi na teidil seo a leanas a bhaineann le húsáid chruinn líofa éifeachtach na teanga.

I. Labhairt na teanga i.e. é féin a chur in iúl go cruinn agus go leanúnach sa Ghaeilge; ní mór fóneolaíocht na teanga a chur san áireamh freisin.

II. A chumas é féin a chur in iúl uaidh féin agus le brí.

III. A chumas páirt a ghlacadh i gcomhrá; is é sin le rá ceisteanna an scrúdaitheora a thuiscint agus a fhreagairt.

IV. A chumas ciall a bhaint as an téacs a thugtar dó, é a thuiscint agus a fhreagra féin a thabhairt.

V. A chumas úsáid a bhaint as an eolas - is é sin le rá an t-eolas a fhaightear ón téacs a cheangailt leis an gcultúr as ar tháinig sé agus leis na hábhair a pléadh sa chlár.

4.4.2.2 Clár an scrúdaithe:

Bíonn an scrúdú béil bunaithe ar chlár an 6ú agus an 7ú bliain chomh maith leis na scileanna agus an inniúlacht atá gnóthaithe acu cheana.

4.4.2.3 Fad an scrúdaithe:

Fiche nóiméad a mhairfidh an scrúdú, achar na meastóireachta san áireamh. Roimh gach scrúdú beidh fiche nóiméad ag an dalta i gcomhar ullmhúcháin.

4.4.2.4 Foirm an scrúdaithe:

Beidh an scrúdú bunaithe ar théacs nó téacsanna, nach bhfuil staidéar déanta orthu cheana féin, a thugtar do na daltaí fiche nóiméad roimh an scrúdú. Beidh 2 nó 3 cheist scríofa leis an téacs chun treoir a thabhairt do na daltaí san ullmhúchán.

Beidh dhá chuid sa scrúdú. Beidh seans ag na daltaí:

i. sliocht ón téacs a léamh os ard agus smaointe bunúsacha an téacs a léiriú go mion.

ii. comhrá a dhéanamh leis an scrúdaitheoir faoin téacs agus faoi ábhair níos leithne atá ar an gcúrsa.

Saghas téacs:

Caithfidh baint a bheith ag an téacs leis an obair atá déanta sa rang. Is féidir gach saghas téacs bharántúil a úsáid fad is a fhágtar ar lár téacsanna le heolas agus tuairiscí amháin.

Dár ndóigh caithfear téacsanna a chuirfeadh isteach ar mhothúcháin nó ar choinsias an dalta a sheachaint freisin.

Caithfidh an téacs a bheith oiriúnach i.e. deacracht an ábhair, foclóir chomh maith le structúr na teanga, teibíocht agus réimse na teanga do dhalta atá ag staidéir na teanga le dhá bhliain déag anuas. Ba cheart go mbeadhthart ar 300 focal sa téacs ach níl feidhm aige seo más téacs liriceach é ar nós dánta agus amhráin.

Ba cheart na línte a uimhriú ina gcúigí.

Is féidir gluaiseanna a thabhairt sa teanga iasachta chomh fada agus is féidir.

Ní ceart téacsanna a úsáid a gcaithfear níos mó ná gluais ceithre fhocal a thabhairt leo.

4.4.2.5. Áiseanna Thacaíochta:

Níl aon áiseanna thacaíochta (foclóirí srl) ceadaithe don scrúdú.

4.4.2.6 Marcáil:

Cuirfidh an mheastóireacht na haidhmeanna atá luaite i bpointe 1 thuas san áireamh.